



Comhairle an  
Aontais Eorpaigh

An Bhruiséil, 15 Feabhra 2016  
(OR. en)

6057/16

COAFR 33  
CFSP/PESC 123  
COHAFA 6  
COHOM 15  
POLMIL 17  
CSDP/PSDC 88  
CIVCOM 26  
MIGR 23  
ATALANTA 4

#### **TORADH NA nIMEACHTAÍ**

---

ó: Ardrúnaíocht na Comhairle

An: 15 Feabhra 2016

chuig: na toscaireachtaí

---

Uimh. an doic. 5880/16  
roimhe seo:

---

Ábhar: An tSomáil  
- Conclúidí ón gComhairle (15 Feabhra 2016)

---

Gheobhaidh na toscaireachtaí san Iarscríbhinn a ghabhann leis seo na Conclúidí ón gComhairle maidir leis an tSomáil, a ghlac an Chomhairle ag an 3447ú cruinniú dá cuid a bhí ar siúl ar an 15 Feabhra 2016.

**Conclúidí ón gComhairle maidir leis an tSomáil**

1. Le Comhshocrú na Somáile, a seoladh le linn Chomhdháil an Mhargaidh Nua don tSomáil sa Bhruiséil i mí Mheán Fómhair 2013, cuireadh creat riachtanach ar fáil chun an tSomáil a atógáil. A bhuí leis sin, tá tacaíocht chomhordaithe á cur ar fáil d'údaráis na Somáile d'fhonn próiseas polaitiúil cuimsitheach, an tslándáil, an smacht reachta agus forbairt shocheacnamaíoch a chur chun cinn. Is é bunchloch chomhpháirtíocht na Somáile leis an bpobal idirnáisiúnta é. Leagann an tAontas Eorpach béim ar a thábhachtaí atá sé an Comhshocrú a athnuachan i ndiaidh 2016, agus gnéithe riachtanacha de á gcaomhnú ag an am céanna. Athdheimhníonn an tAontas go bhfuil sé tiomanta tacú le forbairt agus le cobhsaíocht sa tSomáil.
2. Leanfaidh an tAontas de bheith ag obair i ndlúthchomhar le húdaráis na Somáile, leis na Náisiúin Aontaithe (NA), leis an Aontas Afracach (AA) agus leis an Údarás Idir-rialtasach Forbartha chomh maith le príomhghníomhaithe eile sa réigiún máguaird agus níos faide amach, agus tá sé ag tnúth leis an bhFóram Aireachta Ardleibhéil um Chomhpháirtíocht i dtaca leis an tSomáil in Iostanbúl chun na chéad chéimeanna eile maidir lena chomhpháirtíocht leis an tSomáil a mheas. Ba cheart díriú ar bhailchríoch a chur ar an bpróiseas polaitiúil sa chruinniú seo, ar an tSomáil a dhaingniú agus ar údarás an stáit agus seirbhísí poiblí a athbhunú sna críocha a aisghabhadh ó al-Shabaab.
3. Is bliain rithábhachtach í seo don tSomáil chun dul chun cinn polaitiúil a chomhdhlúthú, go háirithe ó thaobh riaracháin réigiúnacha eatramhacha a bhunú agus chun go mbeidh rath uirthi sa phróiseas toghcháin faoi mhí Lúnasa 2016. Braitheann dul chun cinn dáiríre eile ar phróisis pholaitiúla chuimsitheacha chuntasacha atá á dtreorú ag an tSomáil agus ba cheart rannpháirtíocht do chách a áirithiú leo, lena n-áirítear mná agus daoine ar baill de ghrúpaí mionlacha iad. Is díol sásaimh don Aontas an dul chun cinn atá á dhéanamh chun stát a bhunú agus iarrann sé go gcuirfear bailchríoch thapa ar riarachán réigiúnach eatramhach in Hiraan agus Shabeellaha Dhexe agus go saineofar stádas Banaadir. Tá rithábhacht le hathmhuintearas, le cuimsitheacht agus le forbairt acmhainní ar an leibhéal áitiúil chun easaontais a chosc agus chun slándáil agus inbhuanaitheacht fhadtéarmach a chinntiú sa tSomáil, ar tír chónaidhme í. Impíonn an tAontas ar Rialtas Cónaidhme na Somáile (RCS) próiseas an athbhreithnithe bhunreachtúil a athbheochan, d'fhonn Bunreacht a ghlacadh a cheadófar go forleathan agus lena dtacófar le comhar agus comhordú i measc na Riarachán Réigiúnach éagsúil.

4. Is céim mhór chun cinn é an cinneadh a glacadh le déanaí maidir le samhail an phróisis toghcháin. Tá an tAontas ag tnúth lena chur chun feidhme go pras agus le caidreamh cuiditheach ó gach páirtí leasmhar, lena n-áirítear an Pharlaimint, chun na spriocamanna bunreachtúla a chomhlíonadh. Is díol sásaimh don Aontas an cuóta 30 faoin gcéad a socraíodh i leith mná in dhá Theach na Parlaiminte agus tá coinne aige go gcloífidh ceannairí uile na Somáile leis an ngealltanais. Chun a chinntiú go gcloífeadh le spriocamanna an phróisis toghcháin, ba cheart d'údarais na Somáile plean lena chur chun feidhme a thíolacadh ag an gcéad chruinniú eile den Fhóram Aireachta Ardleibhéil um Chomhpháirtíocht; ní bheadh sé inghlactha sainordú na Parlaiminte a fhadú. Ba cheart do phróiseas toghcháin na bliana seo a bheith níos fearr ná próiseas na bliana 2012 agus ba cheart don phróiseas féin bheith níos dlisteanáil agus níos cuimsithí. Ba cheart, leis sin, féachaint le toghchán a reáchtáil in 2020 ina mbeidh vóta amháin ag gach duine agus is gá tús a chur leis an bpleanáil sin anois. Tá an tAontas réidh chun tacú leis an bpróiseas, ach, leagann sé béim ar an ngá atá ann go ndéanfaidh ceannaireacht pholaitiúil na Somáile agus gach páirtí leasmhar na gealltanais a thug siad a urramú.
5. Tá slándáil agus cobhsaíocht na tíre ina bpríomhthosaíochtaí agus ina réamhriachtanais le haghaidh cothú stáit agus forbairt inbhuanaithe. Cáineann an tAontas go láidir na hionsaithe sceimhlitheoireachta uile a rinne al-Shabaab, lena n-áirítear na hionsaithe mórsála a rinneadh ar Mhisean an Aontais Afracaigh sa tSomáil (AMISOM), agus molann sé na híobairtí a rinne trúpaí Arm Náisiúnta na Somáile (ANS) agus a rinne sibhialtaigh na Somáile. Aithníonn an tAontas go ndearna an tArm Náisiúnta agus AMISOM dul chun cinn suntasach ó thaobh críche de agus go ndearna siad dul chun cinn foriomlán sa chomhrac i gcoinne al-Shabaab ón uair a seoladh AMISON d'fhonn an tsíocháin agus an tslándáil sa tSomáil a athbhunú, ach cuireann sé i bhfios go bhfuil cúrsaí slándála trí chéile ar tinneall ann fós.

Tríd an tSaoráid Síochána don Afraic (SSA), thug an tAontas tacaíocht rithábhachtach do AMISOM ó 2007 i leith maidir lena iarrachtaí an sainordú atá aige a bhaint amach d'fhonn an lámh in uachtar a fháil ar al-Shabaab. Is gá éifeachtacht oibríochtúil an mhisin a athnuachan agus a fheabhsú. Sa chomhthéacs sin, meabhraíonn an tAontas torthaí chleachtadh tagarmharcála comhpháirteach idir an tAontas Afracach agus an tAontas Eorpach agus na moltaí a tháinig as an gcleachtadh, a dtacaítear leo i Rún 2232 (2015) ó Chomhairle Slándála na Náisiún Aontaithe. Cuireann sé i bhfios a thábhachtaí atá sé dul i mbun oibríochtaí ionsaitheacha i gcoinne al-Shabaab arís ar bhealach dea-chomhordaithe, agus na feabhsuithe cáilíochtúla a d'iarr Comhairle Slándála na Náisiún Aontaithe mar aon leis an dlí idirnáisiúnta is infheidhme á gcomhlíonadh ina n-iomláine.

Ba cheart éifeachtacht oibríochtúil feabhsaithe a bhaint amach go háirithe trí struchtúir maidir le ceannas agus rialú a neartú, trí chomhar níos dlúithe, faoi cheannaireacht an Aontais Afracaigh, i measc na dtíortha a bheidh ag cur trúpaí ar fáil agus trí chomhar níos mó leis an Arm Náisiúnta agus le Fórsaí Póilíní na Somáile (FPS). Molann an tAontas Eorpach go ndéanfar athbhreithniú sa bhreis ar a gcuid pleanála feachtais.

Ní mór d'fhórsaí AMISOM cearta idirnáisiúnta an duine agus an dlí daonnúil a urramú agus cosaint saoránach a chinntiú. Sa chomhthéacs seo, is díol sásaimh don Aontas cruthú na Cille um Rianú Taismeach Sibhialtach, um Anailís agus um Fhreagairt laistigh de AMISOM agus tá sé ag tnúth le foilsiú na chéad tuarascála ar dhul chun cinn uaidh. Ba cheart gluaiseacht chun tosaigh an airm a bheith ag teacht le hiarrachtaí údaráis na Somáile tacú leis an gcobhsaíocht d'fhonn struchtúir rialachais a bhunú nó a fheabhsú sna réimsí a aisghabhadh agus trí sheirbhísí bunúsacha a sholáthar, lena n-áirítear an tslándáil. Ba cheart rannpháirtíocht na mban i ról mar chothaitheoirí na síochána agus i struchtúir rialachais a mhéadú freisin.

6. Ní féidir leis an tslándáil ná leis an gcobhsaíocht a bheith inbhuanaithe ach amháin má thacaítear leo trí iarracht éifeachtach chomhtháite cobhsaíochta ón Arm Náisiúnta agus ó na saoránaigh, lena n-áirítear na Fórsaí Póilíní, as a n-eascrófar imlonnú gasta riaracháin shibhialta. Mar sin, is oth leis an Aontas gur beag an dul chun cinn a rinneadh chun struchtúr foriomlán don tslándáil náisiúnta a fhorbairt atá riachtanach le haghaidh earnáil inbhuanaithe na slándála. Impíonn sé ar údaráis na Somáile tús áite a thabhairt don chomhrac i gcoinne al-Shabaab agus díriú ar fhórsaí réigiúnacha a chomhtháthú ar bhealach gasta, comhordaithe inbhuanaithe agus aghaidh a thabhairt ar thiomantas athnuaithe do ghealltanais an Uachtaráin, agus don ghealltanais sin a chur chun feidhme, chun athchóirithe suntasacha a dhéanamh ar an earnáil slándála, ach díriú go háirithe ar chórais bainistithe airgeadais. Tá sé d'oibleagáid ar an Rialtas Cónaidhme a chuid fórsaí slándála a íoc agus ba cheart borradh a chur faoin dul chun cinn d'fhonn buiséad réalaíoch a chur chun feidhme don earnáil slándála, agus chun trédhearcacht, cuntasacht agus maoirseacht shibhialtach a mhéadú. Tá an baol ann go mbainfear an bonn ón méid atá bainte amach cheana trí chuntasacht easnamhach airgeadais agus cheal athchóirithe párolla. Cuid riachtanach é cur chun feidhme gasta Phlean (Gaisce) Guulwade de straitéis scoir AMISOM anseo feasta. Ós rud é go bhfuil an sainordú agus an tsamhail le haghaidh Fórsaí Póilíneachta na Somáile ag teacht chun cinn, is gá bailchríoch a chur ar Phlean (Ullmhachta) Heegan, tacaíocht a bheith á fáil dó ar an leibhéal polaitiúil agus é a chur i bhfeidhm.

Is féidir coinníollacha riachtanacha le haghaidh forbairt chothrom agus díbhinní síochána ar fud na tíre a chruthú ar an mbonn sin. Athdhearbhaíonn an tAontas a impí phráinneach, láidir ar údaráis an Aontais Afracaigh agus na Somáile iarraidh ar chomhpháirtithe eile, go háirithe comhpháirtithe as an réigiún máguaird, rannchuidiú go suntasach le maoiniú inbhuanaithe agus intuartha le haghaidh AMISOM agus fhórsaí slándála na Somáile araon.

7. Is díol sásaimh don Aontas rannchuidiú éifeachtach mhisin agus oibríocht an Chomhbheartais Slándála agus Cosanta (CBSC) sa tSomáil agus i gCorn na hAfraice. Tar éis athbhreithniú cuimsitheach a bheith déanta ar an rannpháirtíocht sin, deimhníonn an Chomhairle go bhfuil sé ar intinn aici síneadh a chur, go dtí mí na Nollag 2018, le sainorduithe trí cinn de mhisin agus oibríochtaí an Chomhbheartais Slándála agus Cosanta, d'fhonn tuilleadh feabhais a chur ar chur chuige cuimsitheach an Aontais sa tSomáil agus i gCorn na hAfraice, go háirithe maidir leis an nasc idir an tslándáil agus an fhorbairt. I dtaca leis sin, cuireann an tAontas in iúl an athuair go bhfuil rún daingean aige a thionscnamh Fothú Acmhainní chun Tacú le Slándáil agus Forbairt (CBSD) a chur chun feidhme a luaithe agus is féidir.

Measann an tAontas gur fíor-riachtanach é go háirithe acmhainní institiúidí cosanta na Somáile a threisiú, lena n-áirítear tríd an trealamh a sholáthar lena gcuirfear oiliúint ar fáil agus lena gcoinneofar na hacmhainní a bhfuil gá leo. Leanfaidh Misean Oiliúna Míleata an Chomhbheartais Slándála agus Cosanta sa tSomáil (EUTM Somalia), dá bhrí sin, de bheith ag cur comhairle straitéiseach ar fáil don Aireacht Cosanta agus don fhoireann i gcoitinne chomh maith le tacaíocht dhíreach a chur ar fáil chun oiliúint a chur ar Arm Náisiúnta na Somáile. Ina theannta sin, aithníonn an tAontas gur éacht mór é an laghdú atá tagtha ar ghníomhaíocht i réimse na píoráideachta mara san Aigéan Indiach Iartharach agus molann sé rannchuidiú suntasach na n-oibríochtaí frithphíoráideachta amhail Oibríocht EUNAVFOR ATALANTA chuige sin. Mar sin féin, is ann i gcónaí do líonraí coiriúla ar tír agus dá bhrí sin is ann i gcónaí don bhaol go dtosóidh an phíoráideacht arís. Dá bhrí sin, is díol sásaimh don Aontas an bhéim leanúnach atá á leagan ag oibríocht ATALANTA ar an bpíoráideacht a chomhrac amach ó chósta na Somáile, cé gur laghdaíodh seasamh na bhfórsaí ach gur coinníodh an cumas é a mhéadú arís dá dtosódh an phíoráideacht an athuair. Iarrann an tAontas ar Rialtas Cónaidhme na Somáile an méid a rannchuidíonn sé leis an bhfrithphíoráideacht agus an tslándáil mara a mhéadú tuilleadh. Is mór aige chomh maith an ról tábhachtach atá ag EUCAP Nestor, i gcomhar le gníomhaithe eile, lena n-áirítear Clár Slándála Muirí an Aontais Eorpaigh agus Clár na mBealaí Criticiúla Muirí i dtaca le cumais shibhialta slándála muirí a threisiú sa tSomáil, lena n-áirítear trí chuidiú le creat ábhartha smacht reachta a chur ar bun sa tSomáil. Déanfar an misean a athainmniú agus a athdhíriú amach anseo.

8. Meabhraíonn an tAontas glacadh Phlean Gníomhaíochta Réigiúnach Chorn na hAfraice 2015-2020 i mí Dheireadh Fómhair 2015 agus tugann sé dá aire gur gá níos mó airde a tharraingt ar bhagairtí trasréigiúnacha amhail gáinneáil ar dhaoine agus ar dhrugaí, smuigléireacht imirceach, trádáil neamhdhleathach ar ghualach, iascaireacht neamhdhleathach agus leathadh mionarm agus arm éadrom, go háirithe i gcás gur foinse ioncaim na gníomhaíochtaí neamhdhleathacha sin do al-Shabaab agus do lucht bactha eile. Is cúis inní don Aontas na héifeachtaí iarmharta a d'fhéadfadh a bheith ag an gcoimhlint in Éimin agus ag an tábhacht a bhaineann le hiomaíocht réigiúnach leanúnach ar chobhsú na Somáile agus iarrann sé ar na comhpháirtithe uile a áirithiú go gcuideoidh a gcuid idirghabhálacha le haistriú rathúil na tíre.
9. Is cúis mhór inní don Aontas Eorpach sáruithe tromchúiseacha ar an dlí daonnúil idirnáisiúnta agus na sáruithe ar chearta an duine agus an mhí-úsáid atá á baint astu, lena n-áirítear foréigean i gcoinne ban agus leanaí agus ionsaithe i gcoinne iriseoirí. Tá sé riachtanach iad siúd atá freagrach a thabhairt os comhair na cúirte. Molann an tAontas don Rialtas Cónaidhme bearta nithiúla a dhéanamh chun a threochlár do chearta an duine, a glacadh i mí Lúnasa 2013, a chur chun feidhme go hiomlán agus iarrachtaí méadaithe a dhéanamh chun a chuid pleananna gníomhaíochta maidir le leanaí agus coinbhleacht armtha a chur chun feidhme, chomh maith le moratóir a chur i bhfeidhm ar phionós an bháis. Spreagann an tAontas údaráis na Somáile freisin an reachtaíocht is gá a achtú chun an Coimisiún um Chearta an Duine dá cuid a chur i bhfeidhm.
10. Impíonn an tAontas ar an Rialtas Cónaidhme leanúint d'athchóirithe ar rialachas airgeadais a chur chun feidhme chun trédhearcacht agus cuntasacht airgeadas an rialtais a fheabhsú d'fhonn muinín an phobail agus muinín na ndeontóirí a mhéadú. Is céim thábhachtach i dtreo faoiseamh ó fhiachas iad iarrachtaí chun córais bainistíochta airgeadais an phobail a neartú. Ba cheart don phlean forbartha náisiúnta atá ar na bacáin úinéireacht na Somáile agus forbairt acmhainní a chumasú agus tacú lena gcur chun feidhme ar an leibhéal díláraithe.

11. I gcomhthéacs Phlean Gníomhaíochta Vaileite agus Phróiseas Chartúm, tá an tAontas ag tnúth le bheith ag obair le Rialtas Cónaidhme na Somáile chun filleadh deonach agus ath-imeascadh dídeanaithe agus daoine easáitithe ina dtír féin a chur chun cinn agus a éascú, faoi réir cúrsaí mar atá ar an láthair, chomh maith le filleadh Somálach nach bhfuil an bonn dlí acu chun fanacht san Aontas, faoi réir cúrsaí mar atá ar an láthair. Le linn Chomhdháil na Bruiséile i mí Dheireadh Fómhair 2015, d'athnuaigh an tAontas an gealltanais s'aige cúnaimh a thabhairt chun tacú le Comhaontú Tríthaobhach 2013 maidir le hAisdúichiú Deonach Dídeanaithe Somálacha ón gCéinia idir Rialtas na Céinia agus Rialtas na Somáile, agus UNHCR tríd an gciste iontaobhais éigeandála don chobhsaíocht agus chun aghaidh a thabhairt ar na bunchúiseanna atá taobh thiar den imirce mhírialta agus d'easáitiú daoine san Afraic.
12. Is ábhar inní don Aontas na hardleibhéil sheasmhacha riachtanas daonnúil sa tSomáil atá imithe in olcas mar gheall ar El Niño. Tá an tAontas fós tiomanta do chúnaimh daonnúil a sholáthar ar bhonn prionsabal agus riachtanas, a chuirtear ar fáil ar bhealach neodrach, neamhchlaonta agus neamhspleách agus tugann sé dá aire gur cuireadh luach EUR 166 milliún san iomlán de chúnaimh daonnúil de chuid an Aontais agus na mBallstát ar fáil ó 2015. Aithníonn an tAontas gur gá teacht ar réitigh bhuana chun aghaidh a thabhairt ar na príomhchúiseanna atá taobh thiar de na riachtanais dhaonnúla leanúnacha. Anuas air sin, aithníonn an tAontas an gá leanúnach atá le teacht aniar pobal leochaileach a neartú agus an ullmhacht i gcomhair éigeandála a fheabhsú.
-